

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir

To the Parent of **insert name of child**

insert address of child

June 2021

A thuismitheoir/a chaomhnóir,

Transfer Procedure - September 2021

Name of Child _____

Date of Birth _____

We are delighted to inform you that your child has achieved a place at Coláiste Feirste. Welcome to our school community.

We understand how big a step the transition from primary to post-primary education can be. It is our aim to ensure that this transition is as comfortable as possible. We have a well-established Induction Programme to help with this transition under the guidance of a strong pastoral support team including our pastoral Vice Principal, Key Stage Manager, Year Heads and Form Teachers. We believe that your child will achieve the best education possible through a strong parent-school partnership. Please contact us if you have any concerns or requirements in the coming years.

Foirm Ceapúcháin Eolas/Data Capture Sheet

This form should be completed and returned to the school as soon as possible. Our new school Parent App is the most effective mode of communication between school and home, and we kindly request you include your correct email address on the data collection sheet, for us to send your App invitation.

Please note that all copies of the enclosed paperwork and forms, including the Data Collection Sheet will go live on our school website next week at www.colaiستهfeirste.org, therefore you can fill the DCS electronically, should you wish, and return it to Zoie McAuley by email at zmcauley340@c2kni.net

An Ghaeltacht (Transition programme)

We are excited to announce our brand new transition programme, **An Ghaeltacht**, which will take place during the first two weeks of August. Your child will be invited to attend **on either 2.8.2021 or 9.8.2021** (depending on your child's bunscoil) between 9:30m – 2:00. This week-long induction will replace the end of August transition which previously occurred. Our Gaeltacht principals (school staff) will visit your child's bunscoil next week, with further details, but please find enclosed our Gaeltacht flyer with specific dates for your child. If you have any questions, please contact Maedhbh Nic Aindrea by email at mnicanindreasa167@c2kni.net or at Coláiste Feirste 90320707. Should your child have any special educational needs or provision you wish to discuss in advance of this week's Induction, please contact our school SENCO by email at muidhaimhin328@c2kni.net or at Coláiste Feirste 90320707 extension 214.

PE Kit

We are delighted to announce the launch of our newly designed PE kit with Bourke's. An information leaflet on where and how to order this will be distributed to our bunscoileanna as soon as it becomes available to us, before the end of term. Our aims have been to keep the kit fashionable and comfortable to wear, while keeping costs down for parents. **Please note, that previously purchased PE kits are**

totally acceptable and do not need to be replaced. All students are expected to wear the school t-shirt, shorts and preferably socks – all additional items can be purchased, if you wish, but are not mandatory. As Gaels, we wear our school PE kit with pride – your child is **not permitted** to wear tracksuits/hoodies or overcoats that do not have the school logo.

Home to School Transport/free school meals/school uniform/physical education allowance

For those parents who wish to apply for home to school transport assistance, free school meals or school uniform/PE kit allowance, this is now done through the Education Authority's online application process. **In particular, we encourage parents to register for their child's free school meal entitlement.** Further information on eligibility for transport assistance and how to apply can be found on the Education Authority website at the following link www.eani.org.uk/transport.

Please study the attached EA Notes of Guidance on ***Who is eligible to apply for free school meals/school uniform/physical education allowance*** for important information in relation to grant eligibility.

We look forward to meeting you.

Le meas

Micheál Mac Giolla Ghunna, Príomhoide Choláiste Feirste.

Coláiste Feirste

Chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí _____

Seoladh _____

Meitheamh 2021

Gnás aistrithe-Méan Fómhar 2021

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir,

Ainm an pháiste _____

Dáta breithe _____

Tá lúcháir orainn cur in iúl duit gur éirigh le do pháiste áit a fháil ar Choláiste Feirste. Fáilte mhór go dtí ár bpobal scoile.

Tuigimid gur céim ollmhór í an t-aistriú scoile go dtí iar-bhunscoil. Tá sé d'aidhm againn an t-aistriú seo a dhéanamh chomh suaimhneach agus is féidir. Tá clár ionductúcháin seanbhunaithe againn a chuidíonn go mór leis an aistriú seo, faoi stiúir fhoireann láidir tréadchúraim le leas-phríomhoide, ceannaire eochairchéime, cinn bhliana agus múinteoirí foirme. Dar linne go bhfaighidh do pháiste an t-oideachas is fearr tríd chomhpháirtíocht éifeachtach idir an tuismitheoir agus an scoil. Déan teagmháil linn má bhíonn aon ábhar imní nó riachtanas agat sna blianta amach anseo.

Foirm Ceapúcháin Eolas

Tá an fhoirm seo le líonadh le háit an pháiste a dhearbhu ar scoil agus iarraimid oraibh í seo a thabhairt/a sheoladh chun na scoile **CLAIF**. Tá parent app nua na scoile ar an mhodh cumarsáide is fearr dúinn, mar sin de, tá seoladh ríomhphoist s'agat riachtanach le cuireadh chuig an app a thabhairt duit – ná déan dearmad an seoladh rphoist ceart a thabhairt dúinn agus tú ag líonadh isteach an Fhoirm Ceapúcháin Eolas.

Tá leagan de gach foirm, an fhoirm FCE seo san áireamh, ar shuíomh na scoile ag www.colaiستهfeirste.org agus is féidir í a líonadh go leictreonach agus í a sheoladh ar aghaidh chuig Zoie McAuley ag zmcauley340@c2kni.net

An Ghaeltacht (clár aistrithe)

Is cúis áthais dúinn an clár aistrithe nua a chur i láthair, is é sin, **An Ghaeltacht**, atá ag titim amach sa chéad choicís i Mí Lúnasa. Tabharfar cuireadh do do pháiste bheith linn ar feadh seachtaine ar an 2.8.2021 nó ar an 9.8.2021 ó 9.30 – 2:00. Mar sin de, ní tharlóidh an gnáth chúrsa ionductúcháin ag deireadh Lúnasa. Beidh príomhoidí na Gaeltachta amuigh ar cuairt chuig na páistí bunscoile an tseachtain seo chugainn, le tuilleadh sonraí. Tabhair an bhileog eolais iniata faoi deara, le bhur dtoil, agus gabh i dteagmháil le Maedhbh Nic Aindreasa ar ríomhphost ag mnicanindreasa167@c2kni.net nó ag Coláiste Feirste 90320707 le haon cheist bhreise. Má tá riachtanais bhreise ar do pháiste, nó más gá soláthar ar leith a chur ar fáil do/di, gabh i dteagmháil leis an CHORB, Mary Uí Dhaimhín, muidhaimhin328@c2kni.net ag Coláiste Feirste 90320707/ 214.

Culaith Corpoideachais

Tá culaith corpoideachais úr deartha againn, agus tá muid an-sásta seo a chur ar fáil do dhaltai úra Bhliain 8. An aidhm leanúnach atá againn ná an culaith corpoideachais a bheith faiseanta agus compordach, agus an costas is lú is féidir do na tuistí. **Tabhair faoi deara go bhfuil iomlán cead ag daltaí**

culaith corpoideachais scoile CF ar ceannaíodh roimhe a chaitheamh, agus beidh i gcónaí. Cuirfear an bhileog le praghasanna agus socruithe don ordú chuig na bunscoileanna chomh luath agus is féidir – roimh dheireadh an téarma. Ní gá ach t-léine, briste ghairid agus stocaí (más féidir) a ordú mar ábhair riachtanacha – is féidir aon ní breise a ordú fosta, ach níl siad riachtanach. Is Gael CF sinne – caitheann muid an chulaith le bród, mar sin de, ní cheadaítear culaith corpoideachais, hoodie nó barr-chóta ar bith eile nach culaith na scoile é.

Iompar ón bhaile chun na scoile/deontais don chulaith scoile/béilte saora

Maidir le tuismitheoirí ar mian leo cúnaimh le hiompar chun na scoile a fháil, dearbhaím go bhfuil córas nua iarratais ar líne ag an Údarás Oideachais le hiarratas a dhéanamh ar iompar baile-scoile.

Tá tuilleadh eolais ar incháilitheacht i gcúnamh iompair agus ar an phróiseas iarratais ar fáil ar shuíomh idirlín an Údaráis Oideachais ag an nasc www.eani.org.uk/transport.

Tabhair faoi dear na nótaí ÚO iniata, ***Who is eligible to apply for free school meals/school uniform/physical education allowance*** le heolas tábhachtach maidir le féidearthacht na ndeontas.

Táimid ag dúil go mór le bualadh libh.

Le meas

Micheál Mac Giolla Ghunna

Príomhoide Choláiste Feirste.